2026/1527

2.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1527 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2026

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Airteagal 4

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Áise-an Aigéine, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia in aon chláir de chuid an Aontais agus leis an Meitheal um Thaighde, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. DAMIANOS